C/2026/5188

7.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12490 — SCHMITZ CARGOBULL / BERGER FAHRZEUGTECHNIK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5188)

1. An 29 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Schmitz CargoBull AG ('SCB', an Ghearmáin),

— Berger Fahrzeugtechnik Ges.m.b.H. ('BFZT', an Ostair), faoi rialú comhpháirteach faoi láthair ag SCB in éineacht le Berger Transport GmbH, atá faoi rialú deiridh ag an Uasal Gerhard Berger.

Gheobhaidh SCB rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar BFZT.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bíonn SCB gníomhach den chuid is mó i dtáirgeadh agus i ndíol trealaimh iompair de bhóthar mar aon le táirgí agus seirbhísí gaolmhara,

— Bíonn BFZT gníomhach den chuid is mó i dtáirgeadh agus i ndíol trealaimh iompair éadroim de bhóthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12490 — SCHMITZ CARGOBULL / BERGER FAHRZEUGTECHNIK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.